


Feirmeoireacht shóisialta

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi scéim shóisialta idir feirmeoirí agus daoine a bhfuil deacrachtaí áirithe acu. Cén Ghaeilge atá ar na focail agus frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- request
- social, learning and physical difficulties
- border counties
- asylum seekers
- Direct Provision Centre
- self-confidence
- team, working group
- professional, life and interpersonal skills
- the scheme is administrated by
- goal, objective

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.



Ceist 2

Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceistanna seo.

1. Cé air a bhfuil an scéim seo dírithe?
2. Cén áit ar thosaigh an scéim ar dtús?
3. Cé as do Cole, Calvin agus Lucien agus cén fáth a bhfuil siad ar fheirm mhuintir Bradley?
4. Cad a deir Siobhán McTague?
5. Cé atá ag riar na scéime?
6. Cén fáth a n-íoctar táillí leis na feirmeoirí?
7. Cad é an sprioc fhadtéarmach?

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís agus déan cur síos ar a bhféachann tú inti. Cuir an méid a scríobh tú i gcomparáid le cur síos an duine in aice leat.

Ceist 4 ‘...Ní raibh siad...’

An raibh siad ar an bhfeirm?

Bhí.

Ní raibh.

A. Scríobh amach na briathra mírialta san aimsir chaite, mar atá sa sampla thuas – an cheist agus na freagraí diúltacha agus dearfacha.

B. Bain úsáid as na briathra sin anois le ceisteanna a chur ar an duine in aice leat faoin mbliain a bhí acu.

Ceist 5 ‘...Is beag...’

Tá a lán nathanna cainte i nGaeilge leis an bhfocal ‘beag’ iontu. Cuir na cinn thíos in abairtí lena mbrí a léiriú:

- beag beann ar
- is beag orm é
- is beag is fiú é
- nach beag
- an beag agus an mór
- beag a dhéanamh de rud, de dhuine

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. Cad a cheapann tú faoin scéim seo?
2. Ar mhaith leat féin a bheith ag obair ar fheirm? Cén fáth?
3. An gcaitheann muintir agus rialtas na hÉireann go maith le hiarrthóirí tearmainn? Mínigh.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

request – *achainí*

social, learning and physical difficulties – *deacrachtaí sóisialta, foghlama & fisiciúla*

border counties – *contaetha cois teorann*

asylum seekers – *iarrthóirí tearmainn*

Direct Provision Centre – *Ionad Soláthair Dhírigh*

self-confidence – *féinmhuinín*

team, working group – *meitheal*

professional, life and interpersonal skills – *scileanna gairme, saoil & idirphearsanta*

the scheme is administrated by – *tá an scéim á riar ag*

goal, objective – *sprioc*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Mar shampla:

- ✓ Tá daoine ag obair taobh amuigh den teach feirme – ag péinteáil, ag vearnaiseáil agus ag déanamh DFÉ.
- ✓ Feictear dhá mhadra bheaga bhána.
- ✓ Cothaítear ba sa mhír le beatha agus le féar.
- ✓ Tá gamhain nó dhó le feiceáil freisin.
- ✓ Tá siad ar fad ag obair sa gharraí glasraí – ag cur glasraí agus ag gortghlanadh.
- ✓ Feictear goirt ghlasa agus loch sa chúlra.
- ✓ Feictear Pádraig agus na fir ag oscailt geata, tá clábar ann agus madra eile.
- ✓ Na ba sa pháirc.
- ✓ Tá tarracóir taobh thiar de Shane.
- ✓ Ag an deireadh tá na fir ag tógáil rud éigin le brící.

Ceist 4

Abair	An ndúirt tú...?	Dúirt	Ní dúirt
Beir	Ar rug sé...?	Rug	Níor rug
Bí	An raibh sí...?	Bhí	Ní raibh
Clois	Ar chuala siad...?	Chuala	Níor chuala
Déan	An ndearna sibh...?	Rinne	Ní dhearna
Faigh	An bhfuair sí...?	Fuair	Ní bhfuair
Feic	An bhfaca siad..?	Chonaic	Ní fhaca
Ith	Ar ith tú...?	D'ith	Níor ith
Tabhair	Ar thug siad...?	Thug	Níor thug
Tar	Ar tháinig	Tháinig	Níor tháinig
Téigh	An ndeachaigh	Chuaigh	Ní dheachaigh

Ceist 5

beag beann ar – *impervious to, insensitive to, regardless of*

is beag orm é – *I don't like it*

is beag is fiú é – *It's not worth much*

nach beag – *almost*

an beag agus an mór – *young and old*

beag a dhéanamh de rud, de dhuine – *belittle something, someone*

Ceist 6

Is féidir gach triúr na ceathrar a chur ag déanamh an phlé seo.

Eimear Ní Chonaola

Tá achainí á déanamh ar fheirmeoirí sa nGaeltacht páirt a ghlacadh i dtogra Fheirmeoirí Sóisialta Éireann¹ ina gcuirtear tacaíocht ar fáil do dhaoine a bhfuil deacrachtaí sóisialta, foghlama agus fisiciúla acu. Tá beagnach 800 duine tar éis leas a bhaint as an scéim, a thosaigh sna contaetha cois teorann.

Shane Ó Curraighín

Leigheas atá san obair feirme do na daoine atá anseo. Is beag deis a bhíonn ag iarrthóirí tearmainn a bheith páirteach sa tsaol mhór. Is as an Afraic Theas iad Cole, Culwin agus Lucien. Tá cónaí orthu san Ionad Soláthair Dhíreach i mBéal an Átha Mhóir. Ní raibh siad trí mhí ann nuair a thug muintir Bradley cuireadh dóibh ar a bhfeirm.

I like being in Ireland. It's nice being at the farm all around here.

Shane Ó Curraighín

Faoi scéim Fheirmeoireacht Shóisialta Éireann tugtar deis do dhaoine a bhfuil deacrachtaí intinne, sóisialta nó fisiciúla acu a scileanna agus a bhféinmhuinín a fheabhsú mar chuid de mheitheal.

Siobhán McTague, Béal an Átha Mhóir

Táimid an-bhródúil as an cheantar seo, as an *social farming*. Tá uaigneas ag baint leis an saol sa *Direct Provision Centre*. Cothaítear caidreamh idir feirmeoirí na háite agus na daoine ansin sa *Direct Provision Centre*. Cuireann na feirmeoirí áitiúla fáilte roimh dhaoine. Foghlaimíonn siad scileanna nua, mar shampla scileanna gairme agus scileanna saoil agus scileanna idirphearsanta.

Shane Ó Curraighín

Tá an scéim á riar ag Comhlacht Forbartha Áitiúil Chontae Liatroma. Thosaigh siad sna contaetha cois teorann. As seo go ceann cúig bliana, tá siad ag leathnú ar fud na tíre. Sé mhí a chaith na fir ón Ionad Soláthair Dhíreach le Patrick Bradley:

You become friends with them and all that, so there is a massive benefit from our point of view.

Shane Ó Curraighín

Tá nach mór 800 rannpháirtí i ndiaidh páirt a ghlacadh sa scéim ar cheithre scór feirm. Íoctar táillí le feirmeoirí lena gcostais agus árachas a chlúdach. Is é an sprioc fhadtéarmach atá leis an scéim go mbeadh ar a laghad deich bhfeirm i ngach contae páirteach inti agus táthar ag lorg feirmeacha i gceantracha² Gaeltachta ach go háirithe.

Shane Ó Curraighín, Nuacht TG4.

¹ *Fheirmeoireacht Shóisialta Éireann (nó Social Farming Ireland)* an t-ainm ceart

² *ceantair* an leagan caighdeánach